

Gaelscoileanna

Urraithe ag



Foras na Gaeilge

San Eagrán Seo:

Scéalta na hEarnála	1
Scéalta na Scoileanna	2
Scéalta na Scoileanna	3
Nuacht na hEagraíochta	4
Pleanáil Scoileanna & Mír na gCoistí Bunaithe	6
Scléip! 2011 Imeachtaí Idirscoile	7
Forbairt Ghairmiúil Scoileanna	9
Gailearaí	10 & 11
An Líonra Réigúnda Nuacht Ilghnéitheach	12
Nuacht an Tuaiscirt	14
Acmhainní	15 & 16
Comhdháil Bhliantúil	17
Ná Dearnad!	18

Dátaí don Dialann

Comhdháil Bhliantúil
GAELSCOILEANNA
TEO.

19 & 20 Samhain

*

Seimineár ar Thaighde
sa Réimse
Gaeiloideachas
6 Nollaig
Baile Átha Cliath

Nuachtlitir an Fhómhair

"....chun an Ghaelscolaíocht a chur chun cinn, a éascú agus a spreagadh ag an mbunleibhéal agus ag an iarbhunleibhéal ar fud fad na hÉireann."

Scéalta na hEarnála

Comhgháirdeas le Gaelscoil Ráth Tó!



Cúis an-mhór ceiliúrtha ab ea an 30 Lúnasa do Ghaelscoil Ráth Tó a chuir fáilte roimh rang naíonáin nua na scoile don chéad uair riamh. Ba chúis cheiliúrtha í do na tuismitheoirí chomh maith, a rinne a gcinneadh cróga agus obair mhór díograiseach chun go n-oslódh an scoil, in ainneoin easpa aitheantais na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Trí thacaíocht leanúnach GAELSCOILEANNA TEO., eagraíochtaí Gaeilge agus oideachais, an grúpa stocaireachta 'Aitheantas', scoileanna lán-Ghaeilge eile ar fud na tíre, an pobal agus gnólachtaí áitiúla d'éirigh leis an scoil a fis a fhíorú. Thug na cairde uile spreagadh agus misneach di, chomh maith le deontais fiála, troscán agus acmhainní don seomra ranga. Ar iarratas ón gCoiste Bunaithe, ba mhaith leo

a mbuíochas ó chroí a ghabháil leis na cairde seo ar fad. Gabhann GAELSCOILEANNA TEO. comhghairdeas mór leis an bpríomhoide nua, Tricia Ní Mhaolagáin, atá i ndiaidh dul i ngleic leis an dúshlán le fuinneamh, dóchas agus lán-chumas.

Tá bóthar dúshlánach le taisteal ag an scoil go fóill, agus í á rith gan tacaíocht airgeadais ná aitheantais na Roinne. Leanfaidh an eagraíocht ag tabhairt gach tacaíochta agus ag déanamh stocaireachta leis an Roinn chun go mbainfeadh an t-aitheantas amach do Mheán Fómhair 2011. Gach eolas maidir leis an bhfeachtas le fáil ón Oifigeach Forbartha ag an seoladh thíos: cspainneach@gaelscoileanna.ie Fáiltíonn an scoil roimh chuairt ar a suíomh gréasáin nua, www.gaelscoilrathto.ie

Scéalta na Scoileanna

Gaelcholáiste nua do Charraig Uí Laighean

I ndiaidh tréimhse dhá bhliain de dhian-fheachtas tá cúis an-mhór cheiliúrtha ag muintir Charraig Uí Laighin le fógairt an scéala go bhfuil aitheantas sealadach bronnta ar an nGaelcholáiste nua a bheidh ag oscailt i 2012. Le hoscailt na scoile seo beidh sé mar an Gaelchamps is mó sa tír, le bun- agus iarbhunscoil lán-Ghaeilge móide scoil do pháistí le riachtanais speisialta ar aon suíomh amháin.

Fáiltíonn GAELSCOILEANNA TEO. go mór roimh chinneadh na Roinne suíomh 21 acra a cheannach i mBaile an Riabhaigh, Carraig Uí Laighean don scoil. Chuir an Teachta Dála áitiúil Michael McGrath an dea-scéal in iúl don choiste bunaithe ag tús mhí Iúil.

Is cinneadh an-dearfach é seo a chinntíonn go mbeidh an ghaelscolaíocht mar rogha do thuismitheoirí agus do dhaltaí Charraig Uí Laighin agus thuismitheoirí an cheantair máguaird. Ba mhaith le GAELSCOILEANNA TEO. comhghairdeas mór leis an gcoiste as an éacht atá bainte amach acu.

Beidh an Coiste Gairmoideachais mar phátrún ar an nGaelcholáiste agus tá sé i gceist an suíomh a fhorbairt le go mbeidh áiseanna ann le freastal ar suas go 700 mac léinn. Tá breis agus 460 mac léinn cláraithe leis an scoil nua.

Tá tuilleadh eolais ar le fáil ar an suíomh gréasáin www.gaelcholaistecarrigaline.net



Noel O' Regan, Cathaoirleach an Choiste Bunaithe, Batt O' Keeffe, Barry Cogan, Iar-Teachta Dála & Adrian Breathnach Oifigeach Caidrimh Poiblí an Choiste Bunaithe

Buachaint Gaelscoil Faithleann

Comhghairdeas le Gaelscoil Faithleann, Cill Airne, a bhuaigh Craobh na hÉireann (comórtas faoi 11) de Thráth na gCeist Boird i mí Aibreán. Reáchtáladh an comórtas seo ag an gComhar Creidmheasa san RDS. Sé an múinteoir Tomás Ó Murchú a stiúraigh na daltaí agus tá an scoil agus a dtuismitheoirí an-bhródúil astú.

Sa phictiúr (ó chlé), tá Tomás Pléamonn, Séamus Ó Flaithimhín, Bríd Ní Sheaghda agus Odhrán Ó Murchú.



Scéalta na Scoileanna

Ceiliúradh Gaelcholáiste Luimnigh

Rinne Gaelcholáiste Luimnigh ócáid mhór a cheiliúradh ar an 16 Aibreán 2010 nuair a d'oscail an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Pat Carey, T.D. leabharlann chuimhneacháin Phroinsias de Priondargást.

Labhair Príomhoide an Ghaelcholáiste, Donncha Ó Treasaigh faoi thábhacht na leabharlainne do mhuintir na scoile agus do phobal na Gaeilge i gcathair Luimnigh. “Seasann an Leabharlann seo mar fhianaise do chomhoibriú na gcomhpháirtithe uile a bhaineann le Gaelcholáiste Luimnigh – idir phátrún na scoile, Choiste Gairmoideachais Chathair Luimnigh, Bhord Bhainistíochta an Choláiste, Chomhairle na dTuismitheoirí, Chomhairle na Mac léinn, thuismitheoirí, mhúinteoirí agus mic léinn féin an Choláiste”.

“Lá mórtasach, bródúil is ea é seo do mhuintir de Phriondargást agus cuidiú Phroinsias don Ghaeilge i Luimneach. Tá baint ar leith ag Proinsias i riaradh an Choláiste seo agus táim thar a bheith buíoch dó as a chomhairle ‘is a chabhair leanúnach, buan”.



Ghabh sé buíochas leis na daoine agus na h-eagraíochtaí uile a bhronn leabhair ar an leabharlann agus leis an Aire Carey as an oscailt a dhéanamh. Anuas air seo, luaigh sé foireann na scoile, lucht Choiste Gairmoideachais Chathair Luimnigh agus daltaí agus tuismitheoirí na scoile ag tagairt dá gcuid díograis agus dílseachta.

www.gcluimnigh.ie

Scoláireachtaí ar fáil do Choláiste Naomh Eoin

Tá deich gcinn de scoláireachtaí lóistín dá dtairiscint do ghasúir ón mórthír chun freastal ar Choláiste Naomh Eoin, Inis Meáin ar feadh na bliana acadúla 2011-2012.

Is é cuspóir na scoláireachtaí seo ná deis a thabhairt do dhéagóirí nach as an nGaeltacht dóibh líofacht sa Ghaeilge a bhaint amach. Maireann na scoláirí le teaghlach áitiúil ar Inis Meáin ar feadh na bliana, is í an Ghaeilge an teanga teaghlach sna tithe seo agus faigheann na scoláirí léargas ar an nGaeilge mar theanga bheo agus mar gnáth theanga pobail.

Is scoil bheag í Coláiste Naomh Eoin, le líon íseal daltaí. Tá an fhoireann teagaisc óg bríomhar agus sár-oilte ina gceird, rud a chinntíonn atmaisféar mealltach don fhoghlaim.

Bronntar an scoláireacht ar bhonn bliantúil. Má bhíonn an scoil sásta go bhfuil an dalta ag déanamh dul chun cinn suntasach, d'fhéadfadh dalta scoláireacht a fháil dá t(h)réimse oideachais dara leibhéal ina iomláine, agus tabhairt faoi scrúduithe na hArdeistiméireachta ar an oileán.

Tá Coláiste Naomh Eoin ag tairiscint pacáistí lóistín den deilbh céanna ar chostas réasúnta de €4500 in aghaidh na bliana. Clúdaíonn an costas seo loistín agus cothaíocht a fhad agus atá siad ar an oileán. Íoctar leath den chostas roimh thús na scoilbhliana agus an chuid eile í mí Eanáir.

Teagmháil: Mairéad Ní Fhátharta
Guthán: 087-7775567 / 099 -73991
Rphost: cneoin@hotmail.com

Nuacht na hEagraíochta

Comhghárdeas!

Bhí an-cheiliúradh againn san oifig anseo le beirt d'fhoireann GAELSCOILEANNA TEO ag pósadh!

Phós Clare Spáinneach ar Andrew Clarke agus phós Clare Walsh ar Mhícheál Ó Duibh.

Guímíd gach rath agus áthas ar na lánúin seo agus buíochas leo as ucht an ceiliúradh álainn a roinnt linn.

Gabhaimid comhghairdeas mór le Dee Nic Gabhann ón mBord Stiúrtha a rugadh buachaill beag álainn di, Naoise, le linn mí Lúnasa.



Cluichí Clóis

Ná Scipeáil an Ghaeilge! Scipeáil i nGaeilge!

Seoladh 'Cluichí Clóis', DVD nua a léiríonn cluichí clóis as Gaeilge i nGaelscoil Lios na nÓg i Ragnallach ar an 9 Meitheamh 2010. Bhí T.J. Ó Ceallaigh, Comhordaitheoir Náisiúnta Cúnta na Gaeilge, ón tSeirbhís um

Fhorbairt Ghairmiúil do Bhunscoileanna, i láthair agus dúirt sé " Spreagfaidh an DVD seo páistí chun Gaeilge a labhairt agus iad ag imirt. Is cabhair mhór é Lámhleabhar an Mhúinteora freisin."


Ghlac daltaí Lios na nÓg páirt mhór i bhforbairt an DVD agus thaitin an toradh deiridh go mór leo. Ba í Áine Uí Mhurchú a spreag an togra ó thús 4 bliana ó shin, agus dúirt sí óna taithí féin go bhféadfaí úsáid a bhaint as na cluichí seo chun an Ghaeilge a chur chun cinn i gclós na scoile agus chun Gaeilge na ndaltaí a fhorbairt.

Chum sí féin leaganacha Gaeilge de chluichí, bhunaigh sí cluichí ar rainn Ghaeilge freisin agus is as sin a d'fhás an DVD a chuir Agtel agus An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta ar fáil.



T.J. Ó Ceallaigh i mbun spraoí le daltaí Gaelscoil Lios na nÓg, Baile Átha Cliath.

Tá a thuilleadh eolais maidir leis an DVD le fáil ó COGG (www.cogg.ie)



Forbairt Náionraí Teoranta

Áiseanna spráíúla agus spreagúla d'úsáid na Gaeilge sa seomra ranga nó sa bhaile.
Tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin leis na háiseanna go léir a fheiceáil

www.naionrai.ie

FÉILIRE

DLÚTHDHIOSCAÍ



PÓSTAEIR

LEABHAIR

Teil: (01) 853 5101
R-phost: eolas@naionrai.ie

Maoinithe ag:



Pleanáil Scoileanna & Coistí Bunaithe

Próiseas Aitheantais Iar-bhunscoileanna Nua

D'fhógair an Tánaiste i mí Iúil 2010 go dtiocfaidh leasú ar an bpróiseas a bhaineann le hiar-bhunscoileanna nua a aithint. Fáiltíonn GAELSCOILEANNA TEO. roimh chóras nua tréghearcach maidir leis an bpróiseas cinnteoireachta ag leibhéal na Roinne. Bunóidh an Roinn Grúpa Comhairleach sa bhFómhair a dhéanfaidh moltaí a fhorbairt maidir le haitheantas d'iar-bhunscoileanna chun díriú ar an riachtanais a bheidh ann áit scoile a bheith ar fáil do 67,000 dalta breise faoi 2024.

Beidh ról lárnach ag GAELSCOILEANNA TEO. chun a chinntiú go mbeidh an t-athchóiriú beartaithe chun leasa na hiar-bhunscolaíochta lán-Ghaeilge agus go dtabharfar aitheantas cuí do riachtanais agus don éileamh mór agus inchosanta ar sholáthar iar-bhunscolaíochta lán-Ghaeilge.

I measc na gcritéir atá réamh-aitheanta ag an Tánaiste, áirítear aonaid a bhunú sa chás nach mbíonn a dhóthain éilimh ar scoil neamhspleách. Cé go bhfáiltímid roimh an mholadh seo, tugann an eagraíocht rabhadh láidir don Roinn gur gá forbairt chuimsitheach a dhéanamh ar mhúnla an Aonaid ar dtús mar go bhfuil a lán dúshláin ag baint leis an múnla reatha. Is gá a aithint, afách, go bhfreastalaíonn scoil neamhspleách níos mó do riachtanais an dalta agus do chosaint sainmheon teanga na scoile.

Beimid ag fáiltiú go mór roimh na deise dul i mbun comhairliúcháin leis an Roinn ar fhorbairt an phróisis seo maidir leis na critéir a bhainfidh le bunú iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge.

Seimineár Lae do Choistí Bunaithe

13 Samhain 2010
Institiúid Oideachais Marino
Ceardlanna Oiliúna
Bricfeasta & Lón san áireamh

Níos mó eolais ó Clare Spáinneach
Guthán: 01-8535193
Rphost: cspainneach@gaelscoileanna.ie

Athbhreithniú ar na Critéir Aitheantais do Bhunscoileanna Nua

An bhliain seo caite, chuir an tAire Oideachais deireadh leis an gcóras a bhí ann le scoileanna nua a bhunú go neamhspleách agus cuirfeadh tús le próiseas athbhreithnithe ar an gcóras chun aitheantas a bhaint amach do scoileanna nua. Go luath sa bhFómhair, déanfaidh an Coimisiún um Chóiríocht Scoileanna, a bhfuil ionadaíocht ag GAELSCOILEANNA TEO. air, na critéir nua a fhoilsiú.

Cé go bhfáiltíonn an eagraíocht roimh an aitheantais atá á thabhairt sna dréachtchritéir, éilíonn sí ar an Roinn forbairt agus breis anailíse a dhéanamh ar na himpleachtaí a bhaineann leis an gcur chuige a bheidh ann sa todhchaí ó thaobh soláthar gaelscoileanna. Tagraíonn na dréachtchritéir thuasluaite do thábhacht na gaelscolaíochta i bhforbairt na Gaeilge i gcomhthéacs an Phlean 20 Bliain don Ghaeilge agus i gcomhthéacs cearta bunreachtúla.

Má tá an Rialtas agus an Stáit tiomanta do chaomhnú agus d'fhorbairt earnáil na gaelscolaíochta, creideann GAELSCOILEANNA TEO. gur gá go mbeadh éileamh cruthaithe agus inmharthanachta ar an ngaelscolaíocht mar chritéir lárnach sa phróiseas aitheantais bhunscoileanna amach anseo, beag beann ar sholáthar scolaíochta trí mheán an Bhéarla sa cheantar lena mbaineann ná ar cheisteanna tíreolaíochta.

Leanfaidh an eagraíocht ag déanamh stocaireachta chun go dtógfar a cuid moltaí san áireamh sna critéir a fhoilseofar go luath. Is gá go mbeidh éileamh cruthaithe ar an ngaelscolaíocht mar bhunchritéir don soláthar agus is gá go mbeidh an gaelscolaíocht ar fáil mar rogha do thuismitheoirí arb é a mian é, nó cuirfear srian leis an earnáil scolaíochta is mó fáis agus éilimh in Éirinn.

Scléip 2011

Tá an téarma nua linn agus tá tallann úr á lorg againn don chomórtas seó stáitse *Scléip*, atá á reáchtáil ag GAELSCOILEANNA TEO. le 5 bliana anuas. Beidh mic léinn iar-bhunscoile ó fud fad na tíre ag teacht le chéile ag na réamhbhabhtaí i gcúigí Laighean, Mumhan, Uladh agus Connacht go luath sa bhliain úr agus beidh iomaíocht ghéar ann le háit a bhaint amach sa chraobh ceannais i mBaile Átha Cliath. Ghlac 23 scoil agus níos mó ná 500 daltaí páirt sa chomórtas i 2010 agus tá súil againn cur go mór leis an líon sin i 2011. Tá roinnt athruithe déanta againn ar na rialacha i mbliaana agus tá súil againn go mbeidh an comórtas níos fearr ná riamh.



Tá gach eolas le fáil ar www.gaelSCOILEANNA.ie agus tá foirmeacha iontrála, bróisiúr agus póstaeir le híoslódáil ón suíomh nó le fáil ach ríomhphost a chur ag cspainneach@gaelSCOILEANNA.ie. Is féidir éisteacht leis na hamhráin atá taifeadta ag iar-bhuaiteoirí an chomórtais ar an suíomh chomh maith – Peadar Ó Goill as Gairmscoil Éinne (2010) agus an grúpa *Mo Phóca* as Scoil Pobail Mhic Dara (2009). Is deis iontach é *Scléip* le mic léinn a spreagadh le Gaeilge a úsáid i réimsí éagsúla de na healaíona agus le muinín a chothú iontu ar bhealach spráil, sultmhar agus... scléipeach!

Imeachtaí Idirscoile 2010 - 2011



Tá deontais d'imeachtaí idirscoile ar fáil ó GAELSCOILEANNA TEO. do na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta faoi láthair. Tríd an scéim seo, tá deis ag scoileanna imeacht dá rogha féin a reáchtáil le, ar a laghad, scoil amháin eile agus cuireann GAELSCOILEANNA TEO. deontas in aghaidh na himeachta ar fáil le

cabhrú leis na costais. Is féidir imeacht idirscoile d'aon chineál a dhéanamh ach é a bheith trí mheán na Gaeilge. Go dtí seo bhain scoileanna taitneamh as imeachtaí spóirt, ceardlanna ceoil, cluichí, comórtais, drámaíocht, scéalaíocht, turais agus eile.

Tá liosta comhlachtaí a chabhraigh leo laethanta spráil a chur ar bun ar shuíomh na heagraíochta (www.gaelSCOILEANNA.ie) chomh maith le tuairiscí agus grianghraif ó na scoileanna féin. Seans go


mbeidh spreagadh ann daoibh! Is féidir cur isteach ar na deontais tríd an suíomh nó teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Forbartha le tuilleadh eolais a lorg (cspainneach@gaelSCOILEANNA.ie). Níl ach méid áirithe dóibh ar fáil, áfach, mar sin, sciobaig an deis!

Scéalta Bíobla do Pháistí



SLADMHARGADH!
Sraith de 25 leabhadh!
+ CD saor in aisce
€50 (+P&P €7.50)

NÓ
3 sraith iomlán
€100 (+P&P €15.50)



Dainéil agus na Leoin,
An Mac Drábhlasach, Zacháias, Sonas na Nollag, Éirí Suas, a Lazaras!,
Cruthú an Domhain, Tagann an Spiorad Naomh, Lagann Íosa an Stoirm,
Aoine an Chéasta agus go leor eile.

“... a worthwhile resource for all schools on a number of levels: as Bible stories, colourful and well-illustrated; as poetry and for drama – they could also be quite easily dramatised. Tá siad go hálainn agus molaim iad.”

- Michael Weed, InTouch Magazine, December 2009



An Chomhairle um Oideachas
Coilteachta & Gaerchoilteachta

ORDAIGH ANOIS!

- Fón: 091-848775
- www.lorlum.ie
- nó tríd an bpost



Lorlum Publishing, Indreabhán, Co. na Gaillimhe, Éire / Ireland.

Forbairt Ghairmiúil Scoileanna

Seo liosta de na ceardlanna/ comhdhálacha a bheidh ar siúl le linn na scoilbliana a d'fhéadfadh bheith fóinteach do na scoileanna lán-Ghaeilge.

- **Comhdháil Bhliantúil GAELSCOILEANNA TEO.**
19 & 20 Samhain, An Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí.
Tá eolas faoin gcomhdháil seolta chuig na scoileanna agus tá an t-eolas is déanaí le fáil ar www.gaelscoileanna.ie
- **Seimineár Lae do Choistí Bunaithe**
13 Samhain, Institiúid Oideachais Marino, Baile Átha Cliath.
Ceardlanna oiliúna do na coistí bunaithe nó éinne gur spéis leo coiste a chur ar bun.
Tuilleadh eolas: Clare Spáinneach ar 01-8535193 / cspainneach@gaelscoileanna.ie
- **Comhsheimineár le Forbairt Naíonraí Teo. ar an gaol idir Aistear, Síolta & an Curaclam Bunscoile**
4 Nollaig, Óstán Aisling, Baile Átha Cliath.
Beidh seo dírithe ar mhúinteoirí na naíonán, príomhoidí agus stiúrthóirí naíonraí.
- **Seimineár Taighde an Choiste Seasta Thuaidh Theas ar Ghaelscolaíocht**
6 Nollaig, Óstán Clarion, Aerfort, Baile Átha Cliath.
Cur i láthair páipéir taighde ó thaighdeoirí, múinteoirí agus daoine ar spéis leo tabhairt faoi thaighde ar ghné éigin den ghaeloideachais.
Tuilleadh eolas: Bláthnaid ní Ghréacháin 01-8535195 / blathnaid@gaelscoileanna.ie
- **Comhdháil CAER** (Cumann Oideachais na Réigiún Eorpacha)
Feabhra / Márta 2011, Baile Átha Cliath.
Ceardlanna agus plé bunaithe ar thaithí réigiúin éagsúla san Eoraip ar an tumoideachas.
- **Comhdháil Comhairle na Gaelscolaíochta**
16 Márta 2011.
Tuilleadh eolas le fáil ón gComhairle – www.comhairle.org
- **Traenáil do Bhord Bainistíochta na mbunscoileanna**
Dátaí & ionaid le socrú.
- **Seimineáir ar fheidhmiú phraiticiúil an luath-thumoideachais**
An dara théarma den scoilbhliain 2010 - 2011, Luimneach agus B.Á.C.
Le deimhniú.

Gailearaí Imeachtaí Idir scoile



Coláiste Íosagáin, Baile Átha Cliath



Gaelscoil Éadain Mhóir, Doire



Gaelcholáiste Chill Dara



Gaelscoil Dara, Gaillimh



Gaelscoil Átha Í, Cill Dara

Gailearaí



Bhronn an peileadóir Liam Ó Lonáin Corn Gael Linn ar Bhreandán Mac Giolla Phádraig & Loarn Ó Tuathail ó Ghaelscoil Bhríde, Durlas.



Ceann de bhuaiteoirí Comórtas Ealaíona Texaco - Saorla Martin, Scoil Neasáin, Baile Átha Cliath.



Ceann de bhuaiteoirí Comórtas Ealaíona Texaco - Mark Coyle, Coláiste Eoin, Baile Átha Cliath.



Bunscoil Ard Mhacha ag glacadh páirt i gCorn Gael Linn



Bunscoil Phobal Feirste, Béal Feirste ag glacadh páirt i gCorn Gael Linn



Ceann de bhuaiteoirí Comórtas Ealaíona Texaco - Elizabeth Madden, Coláiste Laurel Hill, Luimneach

An Líonra Réigiúnda

Tá GAELSCOILEANNA TEO. ag obair le gréasán tacaíochta a spreagadh idir scoileanna, le go mbeidh deiseanna rialta ag pobail na scoile saineolas agus taithí a roinnt ar a chéile, dúshláin a phlé agus obair i dteannta a chéile. Chuige sin, tá an tír roinnte i 16 réigiúin againn agus tá cruinnithe a eagrú againn i ngach ceann acu siúd.

cheantar. Ba mhian linn rannpháirtíocht a ardú i ngnó na heagraíochta le go mbeidh sé ar ár gcumas freastal níos fearr a dhéanamh ar mhianta agus ar riachtanais na scoileanna.

Beidh na céad cruinnithe eile dírithe ar na Réigiúin thíosluaite agus cuirfear an t-eolas cuí chuige scoileanna in ám tráth.

Tá na cruinnithe ar oscailt do phobal uile na scoileanna; foireann, Boird Bainistíochta, tuismitheoirí agus coistí bunaithe lonnaithe sa

Tá liosta na scoileanna sna réigiún éagsúla agus tuilleadh eolais mar gheall ar na cruinnithe ar fáil ar www.gael scoileanna.ie

Na chéad cruinnithe eile:

Réigiún 5: 20ú Deireadh Fómhair, Gaillimh

**Réigiún 13: 20ú Deireadh Fómhair,
Iarthar Chathair & Condae Chorcaí**

Réigiúin 6 & 7: 3ú Samhain, Baile Átha Cliath



Féilte Peile Gael Linn

Sa ghriangraif tá Gaelscoil Mhic Easmainn Trá Lí. Tuilleadh grianghraf le feiceáil sa Ghailearaí ar lch 11

Bhí an-spórt ag scoláirí ó bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta ag na Féilte Peile a d'eagraigh Gael Linn i mí Bealtaine/Mheitheamh! Reáchtálar na féilte seo go bliantúil chun deis a thabhairt do dhaltaí ó Ranganna 5 agus 6 bualadh le chéile ag ócáidí spráíúla ina mbíonn an Ghaeilge mar theanga labhartha. Chomh maith leis an bpeil, glacann na daltaí páirt in imeachtaí spráíúla eile - quizboird, ceolchoirm, céilí, nó eile – le linn na bhféilte.

Reáchtáladh cúig fhéile peile i mbliana ar a d'fhreastail tuairim is 500 scoláire, mar aon lena gcuid múinteoirí. Tá an-mholadh ag dul do na múinteoirí agus na daltaí as sár-chaighdeán peile agus cothrom na féinne spórtúil.

Mar aon leis na **Féilte Peile**, tá clár chuimsitheach imeachtaí beartaithe ag **Gael Linn** don bhliain amach romhainn:

- **Coirm:** Féilte ealaíne ar fud na tíre dírithe ar bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.
- **Siansa:** Comórtas agus ceardlanna ceoil do ghrúpaí traidisiúnta le ceoltóirí óga idir 12 agus 19. Duais-chiste €4,500.
- **Comórtas Clár Raidió Gael Linn:** Comórtas atá an-oiriúnach do dhaltaí na hIdir-bhliana ach oscailte do dhaltaí scoile i gcoitinne.

Breis eolais ó www.gael-linn.ie



Cló Iar Chonnacht

Indreabhán, Co. na Gaillimhe

Teil: 091 593307 R-phost: cic@iol.ie Suíomh idirlín: www.cic.ie



DEIREADH BÁIRE

Caitríona Ní Mhurchú



Aoisghrúpa: 9-13

Clúdach bog €8

An cath deiridh dár mbanlaoch cróga Rósmáire!

An tríú heagrán agus an ceann deireanach i dtíriológ Chaitríona Ní Mhurchú do pháistí. Sa cheann seo téann banlaoch óg na sraithe, Rósmáire, in adharca lena mór-námhaid, an draoi Fomhórach Cailitín, i riocht buachalla bhig shoineanta, i gcath fiochmhar.

Ar fáil freisin . . . na leabair eile sa tsraith



Is gnáthchailín í Rósmáire Ní Ghrifín, nó sin mar a shíleann sí. Tá na gnáthfhadhbanna saoil aici: maistín mór de dheartháir, múinteoir scoile crosta agus an deacracht áit a fháil ar fhoireann peile na scoile. Ní hiondúil go mbíonn an t-ádh léi . . .

Tá catalóg iomlán ar www.cic.ie

Nuacht an Tuaiscirt

Fáilte roimh oscailt agus aitheantas scoileanna ó Thuaidh

Cuireann Comhairle na Gaelscolaíochta fáilte roimh an dea-scéala ó thuaidh maidir leis an dá scoil nua a d'oscailt i mBlia. D'oscailt Gaelscoil na mBeann i gCill Chaoil, Co. An Dúin agus Gaelscoil Léim an Mhadaidh i gCo. Dhoire. Le hoscailt an dá scoil seo, tá oideachas lán-Ghaeilge á sholáthar anois ag 33 bhunscoil ó thuaidh, agus 172 san iomlán ar fud na tíre.

Is mór an éacht atá bainte amach ag na grúpaí tuismitheoirí áitiúla i mBunú na scoileanna nua. Tá coistí tuismitheoirí i ndiaidh a bheith ag obair le blianta le tógáil ar an soláthar réamhscolaíochta le gur féidir bunscoileanna a bhunú.

Ní seo, áfach, an t-aon dea-scéala atá ann ó thuaidh nó tá comhghairdeas ag dul do Ghaelscoil an tSeanchaí i Machaire Fíolta, Co. Dhoire as aitheantas na Roinne Oideachais a bhaint amach i mBlia i ndiaidh daofa scoil s'acu a oscailt an núruidh.

Déanann Comhairle na Gaelscolaíochta comhghairdeas fosta leis an 3 náiscoil a osclaíodh i mBlia le haitheantas mar náiscoilleana réachtúla bainte amach acu mar atá Náiscoil Uí Néill, Oileán an Ghuail; Náiscoil an tSratha Báin, An Srath Bán, Náiscoil na gCrann, an Ómaigh. Bhain na náiscoilleana



seo go léir aitheantas réachtúil amach, rud a chiallaíonn go bhfuil siad uile buanmhaoinithe anois ag an Roinn Oideachais.

Tá comhghairdeas ag dul don Scoil Iosaeif fosta nó seo an chéad bhliain don sruth nua gaelscolaíochta ar an Domhnach Mór i gCo. Thír Eoghain. Is sruth iar-bhunleibhéil é seo atá lonnaithe i Scoil Iosaeif ar an Domhnach agus atá aitheanta ag an Roinn Oideachais.

Go raibh rath agus bláth ar na scoileanna seo.

FEASTA

Reiviú den Smaointeachas Éireannach
litríocht, eolaíocht, polaitíocht

Tríd an bpost!

12 eagrán tríd an bpost ar €75
(€100 lasmuigh den Eoraip)

AN SIOPA LEABHAR

6 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2.

01-4783814; Facs: 353-01-4785428

Ríomhphost: ansiopaleabhar@eircom.net

Suíomh idirlín: www.feasta.ie




Conradh na Gaeilge

Acmhainní

An Doirseoir

Scéal Solanus Ó Cathasaigh, mac le mírigh as Éireann, atá sa leabhrán *An Doirseoir*. Tá an scéal taitneamhach, daonna seo oiriúnach mar ábhar léitheoireachta do chách agus tá sólás spioradálta le fáil ó scéal beatha an manach bocht seo - Solanus. Is féidir é a léamh ar shuíomh www.gael scoileanna.ie nó é a cheannacht (féach thíos):



Costas duine aonair: €1.00 + costas poist
Costas do Scoileanna: Costas poist.
Fáilte roimh shíntús ar dhiscreíd na scoile.

Tuilleadh Sonraí ó: Glór Cheatharlach
www.glorcheatharlach.ie
Guthán: (059) 9158105 / (085) 1340047

DVD Nua do Mhúinteoirí



Oifig an Ombudsman do Leanaí (OCO)

Is ábhar acmhainne nua é **‘Céard a déarfá féin?’** maidir le cearta agus freagrachtaí an linbh, scríofa ag múinteoirí agus curtha ar fáil i nGaeilge ag an OCO. Tacaíonn sé le múineadh agus foghlaim curaclaim. Cuimsítear DVD agus lámhleabhair (do na ranganna uilig) san ábhar bun scoile. Tá an lámhleabhar iar-bhunscoile ábhartha d'OSSP ach go háirithe agus cuimsítear smaointe ann do thionscadail ghníomhaíochta.



Is féidir an t-ábhar a íoslódáil ó shuíomh gréasáin an OCO (www.oco.ie) nó dul i dteagmháil leo go díreach ar (01) 8656800 nó ag oco@oco.ie le ceann de na cóipeanna clóite a fháil (tá líon teoranta dóibh).

Ficheall as Gaeilge

Tá an chéad leabhar fichille scríofa i nGaeilge ag Úna O'Boyle. Freastalaíonn an leabhar seo ar an riachtanas a mhothaíonn idir imreoirí agus theagascóirí araon. Tugann sé treoir shoiléir shiamsúil d'fhoghlaimoirí ar rialacha, ar nósanna imeachta agus ar chleasanna imeartha an chluiche.



Is féidir an leabhar a ordú ó Úna ag 085 1433949 nó unaficheall@gmail.com.

Is DVD é **Tús na Léitheoireachta** a rinneadh chun moltaí a thabhairt do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí maidir le conas tabhairt faoin léitheoireacht sna bunranganna i scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.

Tá samplaí maithe de mhodhanna teagaisc éagsúla, moltaí maidir le cur chun cinn na léitheoireachta, moltaí maidir le heagrú na leabhráin agus comhairle ó thuismitheoirí le fáil ón DVD seo.

Is foilseachán de chuid na sraithe **Séideán Sí** é atá le curtha le chéile ag Máire Ní Bhaoil (Roinn An Oideachais) & Paul Murphy (Aonad Closamhairc).

Acmhainní ó COGG

BUNSCOILEANNA

Futa Fata!

Tá Leabhar Mór na hEalaíne ar fáil anois ó [Futa Fata!](#)

Ár nAinmhithe


Tá pictiúir sa leabhar seo de chineálacha éagsúla ainmhithe ó áiteanna ar fud an domhain: Maracó, Guatamala, sa Táidsceastáin agus scata tíortha eile.

SIGMA T

Beidh leagan Gaeilge de na trialacha SIGMA T don mhatamaitic ar fáil ó CJ Fallon sa bhFómhar (Leibhéal 1-5).

Am Damhsa

Pacáiste Damhsa Gaelach agus Damhsa Tíre do mhúinteoirí Bunscoile. Treoracha soiléire ar DVD, ar DD agus i leabhrán beag. Sásaíonn an pacáiste seo éileamh Damhsaí Gaelaigh agus Tíre an tSiollabais Chorroipeachais. Tuilleadh eolais ó www.schooldance.ie.



Cuir eolas ar na pictiúir agus ar na dealbhá is iontaí ar domhan


IARBHUNSCOILEANNA

Fíricí Fille (Essentials Unfolded)

Fíricí Fille don Mhata (gach leibhéal) don Teastas Sóisearach & don Ardeist. Fíricí Fille don Chemic, Bhitheolaíocht, Fhísic agus don Eolaíocht.


Tionscadal Mata

Snáith 1
Forlónadh Téacs & Trialacha 1



Eolas an tslí – Reiligiúin don Teastas Sóisearach

Leagan Gaeilge den téacsleabhar 'Know the Way' ó Veritas, clúdaítear an cúrsa iomlán Oideachas Reiligiúnach don Teastas Sóisearach. Tagann 2 leabhar Bileoga Oibre agus 'Am Urnaí' leis.



Ag teacht go luath

Mata

Téacs agus Trialacha 3

Fonn Ceoil


Leabhar nua ceoil don Teastas Sóisearach
Tuilleadh eolais ó leabharlann@cogg.ie.

An Leabharlann Soghluaiste

Tá an leabharlann soghluaiste ar an mbóthar arís ón 13 Meán Fómhair.
Tuilleadh eolais: <http://www.cogg.ie>

Breacadh

Chun Breacadh a ordú téigh i dteagmháil le Dúrud Teo ag 01-487 7607 nó breacadh@durud.ie



Comhdháil Bhliantúil 2010



An Gaeloideachas - Croilár na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge

19-20 Samhain

Ostán Tullamore Court
Tulach Mhór, Co. Uibh Fháillí

Gaelscoileanna 
www.gaelscoileanna.ie



Táimid tagtha chuig an t-am sin den bhliain arís agus tá an Chomhdháil Bhliantúil agus Cruinniú Cinn Bhliana na heagraíochta ag druidim linn. Bhunaíomar téama na Comhdhála thart ar an Straitéis 20 bliain don Ghaeilge a fhoilseofar i mbliana, mar go bhfeiceann muid tábhacht na scoileanna lán-Ghaeilge/ Gaeltachta i gcur chun cinn na Gaeilge don todhcháif. Tosóidh an Chomhdháil le díospóireacht ar an dtéama seo agus beidh súil againn go leor ceisteanna a fháil ó na scoileanna le cur leis seo!

Beidh réimse leathan ceardlanna á cur ar fáil ag an gComhdháil le cainteoirí atá bainteach leis an ngaeloideachas i gcoitinne chomh maith le cleachtóirí scoileanna. Le linn an seisiúin do na grúpaí sainspéise i mbliana, táimid ag soláthar seisiún ar leith do na múinteoirí acmhainne/ tacaíochta agus ceann eile do na

múinteoirí nua-cháilithe sna bunscoileanna. Tá súil againn go spreagfaidh na scoileanna na múinteoirí seo le freastal ar an seisiún seo ach go háirithe. Tá sé ar siúl óna 16.15-17.30 le go mbeadh deis ag múinteoirí taisteal i ndiaidh am scoile dá mba gá.

Maidin Shathairn tá súil againn go leor daoine (lucht Boird Bainistíochta agus tuistí san áireamh) a mhealladh chuig an seisiún ar thiomsú airgid agus margaíocht scoile. Beidh deiseanna anseo scoileanna a fhoghlaim ina leith le cur le forbairt na scoile.

Agus sibh ag smaoineamh ar an gComhdháil, ná déan dearmad ar Chruinniú Cinn Bhliana bhur n-eagraíocht, GAELSCOILEANNA TEO.! Míle buíochas libh as ucht na rún agus ainmniúcháin don Bhord nua a chur isteach in am.

Staitisticí na Scoileanna Lán-Ghaeilge

Gach bliain lorgaíonn GAELSCOILEANNA TEO. cabhair ó na scoileanna lán-Ghaeilge ag an mbun agus ag an iar-bhunleibhéil i dtaca le staitisticí. Bímid ag iarraidh na ffríic bunúsacha faoi na scoileanna a bhailiú: líon na ndaltaí, líon na múinteoirí agus líon na scoileanna/aonaid/ sruthanna a mhúineann trí mheán na Gaeilge.

Is é an sprioc a bhaineann leis an eolas seo ná léamh cruinn a fháil ar staid reatha na scoileanna móide a gcuid dúshláin. Is don oifig amháin atá an t-eolas a bhailítear agus fanfaidh sé faoi dhiscréid na heagraíochta. Cabhraíonn sé linn áfach a bheith in ann labhairt i bhfoirm staitisticí agus muid ag

tabhairt sonraí a lorgaítear agus / nó muid ag tabhairt faoi fheachtais chun coinníollacha, i. cóiríocht, a fheabhsú.

I míosa, gheobhaidh sibh foirmeacha staitisticí i dtaca leis an scoilbhliain 2010-2011. Iarraimid oraibh iad a chur ar ais chugainn (go leictreonach más féidir) faoin **5ú Samhain 2010.**

D'eirigh linn staitisticí cruinn a bhailiú ón bhfoirm chuid is mó de na scoileanna don scoilbhliain 2009/2010. Ní fhéadfaimis seo a dhéanamh gan bhur gcomhoibriú agus táimid go mór faoi chomaoin agaibh. Beimid ag súil go mór le comhoibriú libh arís sa scoilbhliain seo.

Suíomh Idirlín GAELSCOILEANNA TEO.

The screenshot shows the Gaelscoileanna TEO website. At the top left is the logo and the text 'Gael scoileanna.ie'. Below it is a navigation menu with options like 'Gaeilge | English', 'Bailé', 'Cúrsa', 'Bairnéis', 'Scoilreanna', 'Cairde agus Comraibh', 'Dáil', 'Bli Teangeolaíoch', 'Bairnéis agus Comraibh', and 'Suíomh'. The main content area features a large photo of two children and a sidebar with links for 'Bairnéis', 'Aonaidre', 'Cúrsaí', 'Cairde agus Comraibh', 'Bairnéis', and 'Teangeolaíoch'. The footer contains the text 'Gaelscoileanna TEO' and a small map of Ireland.

Tá tuilleadh forbairtí déanta againn ar shuíomh na heagraíochta, www.gaelscoileanna.ie, agus ba mhór againn aiseolas ina leith. Tá eolas ann ar gach gné d'obair na heagraíochta agus roinnt mhaith ábhar eile a shíleann muid a bheith úsáideach do scoileanna lán-Ghaeilge agus a mBoird Bhainistíochta; léachtaí, cur i láthair, ábhar oiliúna, tuairiscí, fiseáin, grianghraif, foilseacháin agus féilire imeachtaí ina measc.

Cuirimid fáilte roimh aon mholtaí eile a bheadh agaibh i leith ábhar don suíomh. Is féidir clárú linn le nuacht na heagraíochta agus na

hearnála a fháil ar ríomhphost ach seoladh ríomhphost a chur sa bhosca ar an bpríomhleathanach, agus má tá scéal ag bhur scoil féin gur mhaith libh a scaipeadh nó imeacht le fógairt ar an bhféilire imeachtaí, tá fáilte romhaibh na sonraí a chur chugainn.

Tá liosta na scoileanna, léarscáil agus sonraí teagmhála dóibh foilsithe againn air, agus bheimis buíoch ach go háirithe as aon cheartúcháin atá le déanamh ar na liostaí nó ar láithreacha na scoileanna a fháil uaibh – ní gá ach ríomhphost a sheoladh chuig oifig@gaelscoileanna.ie.

Nótaí

Nótaí